








Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

# Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta, agus Phobal Labhartha na Gaeilge

## Toscaireacht an Chomhchoiste go Gaeltacht Acla ar an 23 agus 24 Samhain 2023

Aibreán 2024

CGGPL019/042024

# Clár Ábhair

**Réamhrá** ..... 2

**Moltaí** ..... 4

**Cruinniú le Comhairle Contae Mhaigh Eo** ..... 8

**Cruinniú leis na Scoileanna Áitiúla** ..... 12

**Cruinniú maidir le Seirbhísí Naíonra, Naíolainne agus Cúram Leanaí** ..... 14

**Cruinniú le hÚdarás na Gaeltachta agus le Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla** ..... 16

Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla ..... 17

Údarás na Gaeltachta agus an gteic i nGob an Choire (gteic@Acaill) ..... 19

**Cruinniú le Pobal Gaeltachta Acla** ..... 21

**AGUISÍN 1 – Comhaltas an Comhchoiste** ..... 25

**AGUISÍN 2 – Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste** ..... 26

Buan-Ordú 123 de Dháil Éireann ..... 26

Buan-Ordú 105 de Sheanad Éireann ..... 28

## Réamhrá

Bhí an-áthas ar Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge an deis a thapú toscaireacht a sheoladh chuig Gaeltacht Acla chun bualadh leis an bpobal áitiúil, obair iontach an phobail sin a fheiceáil, agus na gaiscí ar éirigh leo a bhaint amach go dtí seo a phlé leis, chomh maith leis na féidearthachtaí agus na dúshláin reatha atá os a chomhair agus amach roimhe.

Ghlac mé féin mar Chathaoirleach an Coiste páirt sa toscaireacht, chomh maith leis an Teachta Dála Caitríona Ní Chonghaile agus an Teachta Dála Éamon Ó Cuív – bhaineamar an-taitneamh as. D'fhoghlaimíomar go leor faoi chúrsaí Gaeltachta i gcoitinne agus faoi Ghaeltacht Acla ach go háirithe. Bhí an-suim againn san eolas a fuaireamar faoin gcanúint Ghaeilge ar leith de chuid pobal Acla, mar shampla, a bhfuil fréamhacha Ultacha mar chuid di.

Is léir dúinn gur Gaeltacht bheo bheathach í Ghaeltacht Acla ó na cruinnithe a bhí againn leis na daoine áitiúla, leis na gníomhairí pobail, leis na hoibrithe deonacha, leis na tuismitheoirí, leis na múinteoirí agus na múinteoirí cunta, iad siúd go léir atá gníomhach sa cheantar áitiúil lá i ndiaidh lae. Gaeltacht is ea í, mar sin féin, atá faoi bhagairt ach ag an am céanna, a bhfuil todhchaí inmharthana agus luachmhar os a chomhair. Caithfidh sí an t-aitheantas, cúnamh agus an tacaíocht a fháil, atá de dhíth uirthi, ón Rialtas lárnach agus ón údarás áitiúil, rud atá tuillte aige mar phobal de chathróirí na hÉireann.

Bhí mé féin agus mo chomhghleacaithe an-tógtha leis an gcruinniú a bhí againn leis an bpobal i gcoitinne ag deireadh na toscaireachta. Bhí an seomra plódaithe le daoine áitiúla ó gach aoisghrúpa, agus ó gach earnáil atá i mbun oibre sa phobal. Ba mhór againn é gur tháinig sibh, gur labhair sibh linn go hoscailte agus go macánta, agus gur thug sibh léargas iomlán dúinn ar na dúshláin atá os bhur gcomhair – dúshláin atá os comhair ceantair thuaithe ar fud na tíre. An rud is mó a chuaigh sé i bhfeidhm orainn ná an spiorad dearfach agus dóchas a bhí le braistint agus le cloisteáil sa seomra, mar aon leis an dúthracht chun an fód a sheasamh agus bhur bpobal a chosaint, a fhorbairt agus a fhás.

D'éisteamar libh ag na cruinnithe go léir a bhí againn le linn an dá lá fhiúntacha a chaitheamar i nGaeltacht Acla. Tá súil agam gur cur síos beacht ar na cruinnithe sin

atá leagtha amach againn sa tuarascáil seo. Os a choinne sin,  tá súil agam go bhfuil sibh sásta leis na moltaí a leagamach amach inti – 18 moladh in iomlán – agus tábhacht ag baint le gach ceann díobh. Ní hé leagan na tuarascála seo faoi bhráid Thithe an Oireachtais ach tús den phróiseas, áfach: iarraim anois ar phobal Acla í a léamh agus tacaíocht réamhghníomhach a thabhairt di agus dá cuid moltaí.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le pobal Ghaeltacht Acla as bualadh linn, as an bhfáilte a chuir sibh romhainn agus as an gcúnamh a thug sibh dúinn. Chomh maith leis sin, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le hÚdarás na Gaeltachta as an gcúnamh a thug sé dúinn le linn dúinn an toscaireacht seo a eagrú sa gteic i nGob an Choire, chomh maith leis na háiseanna iontachta a chuir sé ar fáil dúinn.



An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh
Cathaoirleach an Choiste

17 Aibreán 2024

## Moltaí

1. Molann an Comhchoiste go mbeidh Oileán Acla ina iomláine mar chuid de Ghaeltacht Acla agus go mbeidh gach cúnamh, buntáiste agus tacaíocht bhreise ar fáil don phobal atá ina chónaí ann, a bhaineann leo a bheith mar chuid den Ghaeltacht.

2. Molann an Comhchoiste don Rialtas beartas cuimsitheach de chuspóirí a fhorbairt, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Údarás na Gaeltachta, a dhíreoidh ar thacaíocht a thabhairt do phobal Ghaeltacht Acla, go gcuirfear an straitéis sin i bhfeidhm agus go dtabharfar chun críche é laistigh de dheich mbliana ar a mhéad.

3. Meabhraíonn an Comhchoiste don Rialtas, do na húdaráis áitiúla agus do na Comhlachtaí Poiblí go bhfuil dualgas orthu a gcuid seirbhísí uile, atá á gcur ar fáil i gceantair Ghaeltachta ar nós Oileán Acla, a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge – seirbhísí pleanála san áireamh. Molann an Comhchoiste dóibh go ndéanfaidh siad amhlaidh.

4. Molann an Comhchoiste go gcinnteoidh Comhairle Contae Mhaigh agus gach údarás áitiúil eile ar fud na tíre – go mórmhór na hocht n-údarás áitiúil ina bhfuil ceantair Ghaeltachta lonnaithe – ullmhúchán réamhghníomhach a dhéanamh i dtaca leis an bhforáil dhlíthiúil ó 2030 ar aghaidh sa mhéid is go mbeidh orthu a chinntiú go mbeidh Gaeilge fheidhmiúil ag ar a laghad 20% dá n-earcaigh nua.

5. Molann agus éilíonn an Comhchoiste gur treoirlínte cuimsitheacha a bheidh sna treoirlínte nua i leith sholáthar tithíochta sa Ghaeltacht, go réiteoidh siad na bunfhadhbanna atá ann faoi láthair a chuireann srian ar dhaoine áitiúla tithe a thógáil ina gceantar dúchais féin, go n-aithneofar iontu gur féidir le duine ar bith, de réir na rialacha eile a bhaineann leis an gcóras, cead a fháil chun teach a thógáil in áit nó i bhfocheantar ar bith dá gceantar Gaeltachta dúchais féin.

6. Molann an Comhchoiste Comhlacht Forbartha Acla agus Údarás na Gaeltachta as an obair fhiúntach atá ar bun acu i bparóiste Acla, agus poist á gcruthú acu ar féidir leo tionchar dearfach a imirt ar líon na ndaoine atá ag cur fúthu agus ag maireachtáil sa cheantar Gaeltachta seo, agus molann an Comhchoiste don Rialtas gach cúnamh agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina leith.

7. Molann an Comhchoiste go ndéanfaidh an Rialtas agus Comhairle Contae Mhaigh Eo iniúchadh ar an mbonneagar, ar na bóithre, na droichid, na céanna, srl. sa cheantar, agus beart cuimsitheach a chur i bhfeidhm chun iad sin a fheabhsú.

8. Molann an Comhchoiste go dtabharfar ar ais an liúntas a bhíodh ann do mhúinteoirí a bhíodh ag teagasc i scoileanna Gaeltachta, agus go mbronnfar é ar gach uile mhúinteoir i scoileanna Gaeltachta atá ag glacadh páirte sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

9. Molann an Comhchoiste go dtabharfaidh an tAire Oideachais tacaíocht bhreise do chóras na gcúntóirí teanga atá ag feidhmiú sna scoileanna i nGaeltacht Acla, agus go maoineoidh sí uaireanta breise ina leith le gur féidir leis na cúntóirí teanga sin, i gcomhpháirtíocht leis na múinteoirí agus leis na tuismitheoirí, an chanúint Ghaeilge ar leith, atá fós beo in Acaill, a chaomhnú agus a fhorbairt.

10. Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta, na seirbhísí naíonra, naíonán agus cúraim leanaí iar-bhunscoile ar fáil i nGob an Choire, atá de dhíth go géar i nGaeltacht Acla chomh luath agus is féidir. Molann an Comhchoiste don Aire agus do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta gach cúnamh a thabhairt do Choiste Cúram Leanaí Acla foirgneamh a fháil, seirbhís bhus a chur ar fáil i gcomhair na leanaí, agus na seirbhísí sin a chur ar bun.

11. Aithníonn an Comhchoiste an gá atá ann Ionad Cultúrtha a thógáil i nGaeltacht Acla, agus molann sé don Rialtas féachaint ar an tslí is fearr agus is tapúla chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ann.

12. Molann an Comhchoiste go mbeidh suíomh gréasáin Chomhlacht Forbartha Áitiúil Acla, an fhuinneog os comhair an domhain, ar fáil trí mheán na Gaeilge nó go hiomlán go dátheangach, agus molann an Comhchoiste go dtabharfaidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an cúnamh maoinithe don Chomhlacht agus d'eagrais eile den chineál céanna atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta lena chinntiú go mbeidh a gcuid suíomhanna gréasáin ar fáil i nGaeilge ar a laghad, go dátheangach nó go hilteangach.

13. Molann an Comhchoiste go ndéanfaidh Údarás na Gaeltachta imscrúdú ar na féidearthachtaí atá ann níos mó oifigí agus deasca oibre a chur ar fáil sa gteic i nGob an Choire ionas gur féidir le níos mó daoine buntáiste a bhaint as na seirbhísí iontacha atá ar fáil ann.

14. Molann an Comhchoiste go gcinnteoidh an tAire Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte go mbeidh dóthain maoinithe agus tacaíochta ar fáil do theach altranais Naomh Breandán i nGaeltacht Acla, ar carthanas cláraithe neamhbhrabúis é, chun a chinntiú go mbeidh an teach altranais sin in ann leanúint ar aghaidh ag cur a chuid seirbhísí ar fáil don phobal áitiúil.

15. Aithníonn an Comhchoiste an gá go mbeidh héileapad ann i gceantair iargúlta i dtaobh chúrsaí sláinte de, nuair nach bhfuil ospidéil ná seirbhísí sláinte iomlána cóngarach dóibh, agus molann sé don Aire Sláinte agus do Sheirbhís Aerárthach Othair é sin a sholáthar i nGaeltacht Acla, agus é sin a sholáthar chomh cóngarach don dá theach altranais agus is féidir.

16. Molann an Comhchoiste go gcinnteoidh Comhairle Contae Mhaigh Eo agus gach údarás áitiúil eile go mbeidh gach leabharlannaí, atá ag obair i mbrainse leabharlanna i gceantar Gaeltachta, in ann seirbhísí dátheangacha feidhmiúla

iomlána a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta ina bhfuil an leabharlann áitiúil sin lonnaithe.

17. Molann an Comhchoiste go gcinnteoidh Comhairle Contae Mhaigh Eo agus gach údarás áitiúil eile gur leabhair Ghaeilge a bheidh i 20%, ar a laghad, de na leabhair atá ar na seilfeanna i mbrainsí leabharlainne atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, agus go mbeidh réimse leathan leabhair Ghaeilge ar fáil go hoscailte don phobal, atá i seánraí éagsúla agus atá oiriúnach do gach aoisghrúpa.

18. Molann an Comhchoiste go gcinnteoidh an Rialtas go gcuirfear forálacha i bhfeidhm a chinnteoidh go mbeidh ionadaí ó gach ceantar Gaeltachta ar Bhord Údarás na Gaeltachta, mar chuid den reachtaíocht atá le teacht.

## Cruinniú le Comhairle Contae Mhaigh Eo

Bhuail an Comhchoiste le hoifigigh ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo agus phléigh sé na hábhair seo a leanas leo: -

1. 'Na seirbhísí áitiúla a chuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar fáil i nGaeltacht Acla: soláthar uisce, diúscairt séarachais agus fuíolluisce, diúscairt dramhaíola, soláthar tithíochta, cothabháil bhóithre.'
2. 'An tseirbhís dhátheangach a chuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo ar fáil do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge an chontae'.

Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an gcruinniú sin: -

Ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Kevin Kelly Uasal – Príomhfheidhmeannach;

Tom Gilligan Uasal – Stiúrthóir Seirbhísí (Tithíocht, Bóithre, Seirbhísí Ailtireachta agus Forbairt Seirbhíse, Ceantar Bardasach Bhéal an Átha);

Martina Hughes Uasal – Ceannasaí Cumarsáide agus Forbartha Corparáidí

Fionnuala Nic Pháidín Uasal – Oifigeach Gaeilge;

Michael O'Boyle Uasal – Innealtóir Feidhmiúcháin Sinsearach, Oifig Cheantar Bhéal an Mhuirthead;

Pádraig Walsh Uasal – Ceannasaí Cheantar Bardasach Chathair na Mart – Bhéal an Mhuirthead.

Ó Chomhlacht Forbartha Áitiúil Acla

Colm Mac Eachmharcaigh Uasal – Oifigeach Pleanála Teanga

Máire Aingeal Bean Mhic Lochlainn.

Ó Údarás na Gaeltachta

Tomas Ó Síocháin Uasal – Príomhfheidhmeannach.

Thug Chomhairle Contae Mhaigh Eo léiriú don toscaireacht ar an obair a bhíonn ar siúl i gceantair Ghaeltachta Chontae Mhaigh Eo, go mórmhór i nGaeltacht Acla. Cosúil le ceantair thuaithe eile sa Ghaeltacht agus san iarGhaeltacht, i gContae Mhaigh Eo agus ar fud na tíre, bíonn dúshláin ar leith ag baint le soláthar seirbhísí áitiúla.

Phléigh an Comhchoiste na cúinsí ar leith a bhaineann le ceantair Ghaeltachta leis an gComhairle Contae. Aithníonn an Comhchoiste gur ceantar tuaithe, oileánda agus iargúlta é Gaeltacht Acla, agus í ina dhá chuid: cuid di ar an mhíntír; agus an chuid eile di ar Oileán Acla. Aithníonn an Comhchoiste na dúshláin i gcás infheistíochta agus easpa bonneagar sa cheantar seo. Aithníonn an Comhchoiste gur féidir leis an bpobal áitiúil a bheith ag smaoineamh gur in áit na leathphingine a bhíonn sé go minic i dtaobh cúrsaí tithíochta, bóithre agus bonneagair. Aithníonn an Comhchoiste a dheacra is atá sé ar an bpobal sin é féin a choimeád ag imeacht, gan trácht ar é a choimeád beo agus an ceantar a fhorbairt.

Mar sin féin, aithníonn an Comhchoiste an díograis agus an tiomantas atá ann chun an méid sin a dhéanamh. Molann sé don Rialtas, mar sin, beartas cuimsitheach de chuspóirí a fhorbairt, i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Mhaigh Eo agus Údarás na Gaeltachta, a dhíreoidh ar thacaíocht a thabhairt do phobal Ghaeltacht Acla, go gcuirfear an straitéis sin i bhfeidhm agus go dtabharfar chun críche é laistigh de dheich mbliana ar a mhéad.

Rud amháin ar thug an Comhchoiste aird ar leith dó ná nach bhfuil na fadbhanna céanna i leith chúrsaí pleanála agus tithíochta i nGaeltacht Acla mar atá i gceantair Ghaeltachta eile. Níl aon cheantar uirbeach mór i ngiorracht di. Níl go leor daoine ó lasmuigh den Ghaeltacht ag iarraidh tithe a thógáil laistigh di, mar sin. Chuir an Comhairle Contae in iúl don Comhchoiste go dtagann formhór na n-iarratas i leith pleanála agus tithíochta ó dhaoine de bhunadh na háite agus go mbronntar cead pleanála orthu den chuid is mó.

Cé go dtagann formhór mór na n-iarratas seo i nGaeltachta Acla ó dhaoine áitiúla, cuireann sé díomá ar an gComhchoiste nach gcuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo cigire pleanála ar fáil, a bhfuil Gaeilge fheidhmiúil aige, chun iniúchtaí a dhéanamh ar an láthair. Údar díomá don Chomhchoiste é an méid sin, go mórmhór san fhianaise go bhfuil cigire pleanála amháin ar a laghad fostaithe ag Comhairle Contae Mhaigh

Eo, a bhfuil Gaeilge aige. Údar díomá don Chomhchoiste é an méid sin, go mórmhór san fhianaise go bhfuil cigire pleanála amháin ar a laghad fostaithe ag Comhairle Contae Mhaigh Eo, a bhfuil Gaeilge aige. Meabhraíonn an Comhchoiste don Rialtas, do na húdaráis áitiúla agus do na Comhlachtaí Poiblí go bhfuil dualgas orthu a gcuid seirbhísí uile, atá á gcur ar fáil i gceantair Ghaeltachta ar nós Oileán Acla, a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge – seirbhísí pleanála san áireamh. Molann an Comhchoiste dóibh go ndéanfaidh siad amhlaidh.

Phléigh an Comhchoiste cúrsaí leabharlainne áitiúla leis an gComhairle Contae agus thug sé faoi deara nach raibh an leabharlannaí a bhí i bhfeighil ar an leabharlann áitiúil i nGaeltacht Acla in ann seirbhísí dátheangacha feidhmiúla a chur ar fáil don phobal áitiúil. Anuas air sin, thug sé dá aire freisin nach raibh ach corrleabhair ar fáil sa leabharlann áitiúil i nGaeltacht Acla, a bhí scríofa i nGaeilge. Le linn don Chomhchoiste sracfhéachaint a thabhairt ar an leabharlann, atá lonnaithe sa gteic i nGob an Choire, níor éirigh leis ach leabhar Gaeilge amháin a aimsiú do dhaoine fásta chomh maith le cóip den fhoclóir Gaeilge-Béarla i measc na gcéadta leabhar a bhí ar na seilfeanna. Is cúis díomá arís don Chomhchoiste é sin, go mórmhór i gcomhthéacs na tuarascála a d’fhoilsigh an Comhchoiste le gairid ar chúrsaí foilsitheoireachta agus léitheoireachta na Gaeilge. Mar sin, molann an Comhchoiste go gcinnteoidh Comhairle Contae Mhaigh Eo agus gach údarás áitiúil eile go mbeidh gach leabharlannaí, atá ag obair i mbrainse leabharlanna i gceantar Gaeltachta, in ann seirbhísí dátheangacha feidhmiúla iomlána a chur ar fáil do phobal na Gaeltachta ina bhfuil an leabharlann áitiúil sin lonnaithe.

Chomh maith leis sin, molann an Comhchoiste go gcinnteoidh Comhairle Contae Mhaigh Eo agus gach údarás áitiúil eile gur leabhair Ghaeilge a bheidh i 20%, ar a laghad, de na leabhair atá ar na seilfeanna i mbrainsí leabharlainne atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta, agus go mbeidh réimse leathan leabhair Ghaeilge ar fáil go hoscailte don phobal, atá i seánraí éagsúla agus atá oiriúnach do gach aoisghrúpa.

Cé go n-aithníonn an Comhchoiste go bhfuil bainistíocht Chomhairle Contae Mhaigh Eo báúil do chur chun cinn na Gaeilge, ní leor é sin. Ní fheictear don Chomhchoiste go bhfuil plean réamhghníomhach forásach ag an gComhairle Contae i leith chur chun cinn na Gaeilge. Ní fheictear don Chomhchoiste go bhfuil seirbhísí dátheangacha ar fáil do phobal na Gaeltachta nó do phobal na Gaeilge i gContae Mhaigh Eo. Ní

fheictear don Chomhchoiste gur féidir leis na pobail seo, sa Ghaeltacht agus san iarGhaeltacht, a bheith muiníneach go bhfuil seirbhísí poiblí ar fáil dóibh i nGaeilge, agus iad ar comhchéim leis na seirbhísí poiblí atá ar fáil don phobal Béarla sa chontae, gan trácht ar sheirbhísí poiblí ar bith i nGaeilge ar chor ar bith, ar chaighdeán íseal nó ard.

Aithníonn an Comhchoiste, áfach, nach bhfuil Comhairle Contae Mhaigh Eo amháin léi féin i dtaca leis seo i measc na n-údarás áitiúil ar fud na tíre ná i measc iad siúd a bhfuil ceantair Ghaeltachta lonnaithe iontu freisin. Aithníonn an Comhchoiste go bhfuil bunús stairiúil leis seo agus aithníonn sé freisin an easpa tacaíochta ón Rialtas lárnach i gcaitheamh na mblianta chuige sin. Tá súil ag an gComhchoiste anois go bhfuil athrú meoin ann, go mórmhór i gcomhthéacs Acht na dTeanacha Oifigiúila, 2023 agus 2021 (arna leasú), agus go gcuirfear an tacaíocht chuí ar fáil ón Rialtas lárnach as seo amach. Molann an Comhchoiste go gcinnteoidh Comhairle Contae Mhaigh agus gach údarás áitiúil eile ar fud na tíre – go mórmhór na hocht n-údarás áitiúil ina bhfuil ceantair Ghaeltachta lonnaithe – ullmhúchán réamhghníomhach a dhéanamh i dtaca leis an bhforáil dhlíthiúil ó 2030 ar aghaidh sa mhéid is go mbeidh orthu a chinntiú go mbeidh Gaeilge fheidhmiúil ag ar a laghad 20% dá n-earcaigh nua.

## Cruinniú leis na Scoileanna Áitiúla

Bhuail an Comhchoiste leis na múinteoirí agus na hionadaithe seo a leanas: -

Colm Mac Eachmharcaigh Uasal – Oifigeach Pleanála Teanga i nGaeltacht Acla;

Brídín Bean Mhic Giollabháin Uasal – Príomhoide, Scoil Náisiúnta Thóin Ré Gaoith;

Máire Aingeal Bean Mhic Lochlainn – Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla;

Méadhbh Nic Eachmharcaigh Uasal – Múinteoir, Scoil Náisiúnta Thóin an tSeanbhaile;

Fionnuala Nic Pháidín Uasal – Oifigeach Gaeilge Chomhairle Contae Mhaigh Eo;

Irene Ní Ghiallatháin Uasal – Príomhoide, Scoil Náisiúnta Dumhach;

Laura Ní Ghiontaigh Uasal – Príomhoide, Scoil Náisiúnta Ghob an Choire;

Seán Ó Gallachobhair Uasal – Príomhoide, Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig Saile;

Jason Ó Mongáin Uasal – Príomhoide, Coláiste Pobail Acla.

Phléigh an Comhchoiste an Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta leis na hionadaithe thuas. Tá 103 bunscoil agus 29 iar-bhunscoil ag glacadh páirte sa scéim seo, agus tá sé mar sprioc ag an scéim oideachas ar ardchaighdeán a chur ar fáil do dhaltaí i scoileanna Gaeltachta. Dar leis an Roinn Oideachais, tá dhá scoil lonnaithe i nGaeltacht Acla nach bhfuil ag glacadh páirte sa scéim seo. Cuireann sé seo díomá ar an gComhchoiste. Molann an Comhchoiste go nglacfaidh gach scoil páirt sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta atá lonnaithe i gceantar Gaeltachta.

Mar sin féin, tá dúshláin ann i leith na n-uaillmhianta seo. Tá easpa múinteoirí ann agus cuireann an easpa seo isteach ar fheidhmiúlacht na scoileanna agus córas na scolaíochta trí chéile. Is é cuid lárnach den fhadhb seo ná go mbíonn deacrachtaí ar na scoileanna féin múinteoirí a mhealladh chun glcadh le poist is scoileanna i gceantair Ghaeltachta, go mórmhór i scoileanna lonnaithe i gceantair iargúlta agus i

gceantair nach mbíonn seirbhísí agus áiseanna ar fáil ar bonn sásúil; rochtain ar thithíocht, seirbhisí iompair poiblí, fóntais phoiblí agus seirbhísí poiblí eile nach iad.

Chomh maith leis sin, rinneadh feall ar phobal na Gaeilge nuair a fuarthas réidh leis an liúntas breise a bhí ar fáil do mhúinteoirí a bhí ag múineadh i scoileanna Gaeltachta. Chruthaigh sé seo seo éagothromaíocht tuarastail idir na múinteoirí sna scoileanna céanna. De réir Ciorclán 0008/2013 de chuid na Roinne Oideachais, fuarthas réidh leis an liúntas Gaeltachta agus leis an liúntas i dtaca le teagasc trí Ghaeilge ar an 1 Feabhra 2012. Tá an liúntas seo ar fáil do chuid de na múinteoirí atá ag múineadh sna scoileanna i nGaeltacht Acla agus sa Ghaeltacht uile, ar fiú €3,455 é. Níl an liúntas seo ar fáil do na múinteoirí eile atá ag múineadh sna scoileanna céanna. Níl cothrom na Féinne i gceist leis seo ar chor ar bith; níl sé ceart ná cóir go mbeadh córas lochtach mar seo i bhfeidhm. Is ionann an obair atá ar bun ar an dá ghrúpa múinteoirí ach iad ag tuilleamh tuarastail éagsúla óna chéile. Molann an Comhchoiste go dtabharfar ar ais an liúntas a bhíodh ann do mhúinteoirí a bhíodh ag teagasc i scoileanna Gaeltachta, agus go mbronnfar é ar gach uile mhúinteoir i scoileanna Gaeltachta atá ag glacadh páirte sa Scéim Aitheantais Scoileanna Gaeltachta.

Aithníonn an Comhchoiste an tsárobair atá ar siúl ag na múinteoirí agus na cúntóirí teanga sna scoileanna i nGaeltacht Acla. Aithníonn sé na deacrachtaí agus na dúshláin atá os a gcomhair agus iad ag iarraidh oideachas den scoth a chur ar a gcuid daltaí. Agus mar chuid den oideachas céanna, aithníonn an Comhchoiste an áit ar leith atá ag an gcanúint Ghaeilge atá fós beo i nGaeltacht Acla. Aithníonn an Comhchoiste an fheidhm lárnach atá ag an gcanúint seo san oideachas trí chéile a chuirtear ar dhaltaí an cheantair seo. Molann an Comhchoiste go dtabharfaidh an tAire Oideachais tacaíocht bhreise do chóras na gcúntóirí teanga atá ag feidhmiú sna scoileanna i nGaeltacht Acla, agus go maoineoidh sí uaireanta breise ina leith le gur féidir leis na cúntóirí teanga sin, i gcomhpháirtíocht leis na múinteoirí agus leis na tuismitheoirí, an chanúint Ghaeilge ar leith, atá fós beo in Acaill, a chaomhnú agus a fhorbairt.

## Cruinniú maidir le Seirbhísí Naíonra, Naíolainne agus Cúram Leanaí

Bhuail an Comhchoiste leis na hionadaithe seo a leanas: -

Ó Choiste Cúram Leanaí Acla

Aisling Nic an Mháistir Uasal;

Érin Uí Ghiollabháin Uasal – Rúnaí;

Ó Chomhar Naíonraí na Gaeltachta

Ray Mac Pháidín – Príomhfheidhmeannach;

Kelly Nic Leafartaigh Uasal;

Caitríona Ní Fhiannachta;

Ó Early Years Provider Baile Átha Cliath

Joan O'Sullivan Uasal;

Ó Chomhairle Forbartha Áitiúil Acla

Máire Aingeal Bean Mhic Lochlainn

Majella Uí Ghallachobhair Uasal;

Ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Fionnuala Nic Pháidín, Oifigeach Gaeilge;

Ó Údarás na Gaeltachta

Seán Ó Coisdealbha

Linda O'Grady Uasal

Phléigh an Comhchoiste na deacrachtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí naíonra, naíolainne agus cúraim leanaí i nGaeltacht Acla. Faoi láthair, tá naíonra ann i mBun an Chorraigh a bhíonn ar oscailt ó 9:30 ar maidin go 12:30 san iarnóin. Cé go gcuireann an naíonra seo seirbhís den scoth ar fáil don phobal, ní leor an méid sin i gcomhthéacs an éilimh atá ann ón bpobal áitiúil. Ní leor an tseirbhís sin i dtéarmaí na n-uaireanta teoranta den lá a bhíonn an naíonra sin ar oscailt agus nuair nach bhfuil sé dírithe ach ar leanaí idir 3 agus 5 bliana d'aois amháin (seirbhís naíonra).

Caithfear seirbhísí naíonra, naíolainne agus cúraim leanaí a chur ar fáil ata i bhfad níos comhtháite agus cuimsithí i nGaeltacht Acla nár mar atá ar fáil faoi láthair. Chomh maith leis sin, caithdear seirbhísí naíonra agus naíolainne, mar aon le le seirbhísí cúram leanaí iar-bhunscoile a chur ar fáil le haghaidh leanaí suas go 12 bhliain d'aois. Caithfidh na seirbhísí seo a bheith ar fáil ar feadh an lae agus go lánaimseartha, ní amháin ar maidin. Faoi mar atá cúrsaí faoi láthair agus de cheal na seirbhísí sin, is deacair do thuismitheoirí Ghaeltacht Acla dul i mbun oibre i bhfad ón mbaile agus a saol a chaitheamh faoi mar a chaitear é i gceantair eile fud fad na tíre.

Chun na spriocanna seo a bhaint amach, dúirt Coiste Cúram Leanaí Acla leis an toscaireacht go gcaithfear foirgneamh a aimsiú ar féidir leis na seirbhísí naíonra, naíolainne agus cúram leanaí iar-bhunscoile a chur ar fáil go lánaimseartha. Dúirt an Coiste sin go gcaithfear an foirgneamh seo a lonnú i nGob an Choire. Chomh maith leis an bhfoirgneamh atá ag teastáil, agus mar gheall gur ceantar fairsing é Gaeltacht Acla agus an t-éileamh atá ar na seirbhísí seo ann, ní mór seirbhís bhus a chur ar fáil chun na leanaí a bhailiú ar maidin agus a thabhairt abhaile ag deireadh an lae.

Maidir leis an bhfoirgneamh agus an suíomh a chuirfear ar fáil le haghaidh na seirbhísí seo, dúirt Coiste Cúram Leanaí Acla go gcaithfidh sé a bheith mór go leor i méid sa chaoi is go mbeidh an Coiste sin, a bheidh i bhfeighil air, in ann seirbhísí poiblí breise a chur ar fáil ann amach anseo. Níl sna seirbhísí naíonra, naíolainne agus cúraim leanaí ach chuid de na seirbhísí poiblí a bhíonn ag teastáil i bpobal ar bith agus caithfidh slí a bheith ann ann chun seirbhísí eile a chur ar fáil de réir a chéile. Tá seirbhísí eile, tearmann i gcomhair seandaoine, clós súgartha i gcomhair leanaí, bialann i gcomhair an phobail i gcoitinne ag teastáil, mar shampla. Dá mbeadh foirgneamh mór go leor ag an gCoiste sin, bheadh sé in ann na seirbhísí sin a chur ar fáil ann.

Molann an Comhchoiste go gcuirfidh an tAire Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, agus Comhar Naíonraí na Gaeltachta, na seirbhísí naíonra, naíonán agus cúraim leanaí iar-bhunscoile ar fáil i nGob an Choire, atá de dhíth go géar i nGaeltacht Acla chomh luath agus is féidir. Molann an Comhchoiste don Aire agus do Chomhar Naíonraí na Gaeltachta gach cúnamh a thabhairt do Choiste Cúram Leanaí Acla foirgneamh a fháil, seirbhís bhus a chur ar fáil i gcomhair na leanaí, agus na seirbhísí sin a chur ar bun.

## Cruinniú le hÚdarás na Gaeltachta agus le Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla

Bhuail an toscaireacht leis na hionadaithe seo a leanas: -

Ó Chomhlacht Forbartha Áitiúil Acla

Majella Uí Ghallchobhair Uasal

Máire Aingeal Bean Mhic Lochlainn

Colm Ó hEachmharcaigh Uasal – Oifigeach Pleanála Teanga

Ó Údarás na Gaeltachta

Tomás Ó Síocháin Uasal – Príomhfheidhmeannach

Seán Ó Coisdealbha Uasal – Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha

Ó Chomhairle Contae Mhaigh Eo

Fionnuala Nic Pháidín Uasal – Oifigeach Gaeilge

## Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla

Oibríonn Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla, lá i ndiaidh lae, chun an geilleagar áitiúil i nGaeltacht Acla a fhorbairt agus a fhás. Tuigeann an comhlacht an dualgas agus an cúram atá air timpeallacht nádúrtha an cheantair álainn seo a chaomhnú agus a chothú freisin.

Is rannpháirtí suntasach é an comhlacht i bhforbairt an gheilleagair áitiúil agus is eagraíocht lárnach é sa phobal céanna. Tionscnaíonn agus cuidíonn sé i bhfiontair éagsúla: caomhnú Inis Bigil; Caomhnú an Bhaile Thréigthe ar an Sliabh Mór; agus forbairt Chonair Oidhreachta an Sléibhe Mhóir ina measc. Chomh maith leis sin, thug sé cúnamh i leith chaomhnú Thrá Chaoil agus i leith céimeanna chun dul i ngleic le creimeadh cois farraige. Is cuiditheoir ar leith é an an comhlacht i bhforbairt na tuarasóireachta i nGaeltacht Acla agus sna hiarrachtaí turasóirí a mhealladh chun an cheantair. Chomh maith le tionscnaimh eile, d’fhorbair sé an tUisceadán agus an tIonad Cuairteoirí chun é sin a dhéanamh.

Tá tiomantas ar leith ag Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla an Ghaeilge a chaomhnú agus a fhorbairt, mar theanga labhartha an phobail áitiúil, go mórmhór canúint Acla féin. Tá scéim Pleanála Teanga de sheacht mbliana á cur i gcrích aige agus tá Oifigeach Pleanála Teanga fostaithe aige i leith na hoibre seo. Tugann an Comhchoiste dá aire go bhfuil suíomh gréasáin Chomhlacht Forbartha Áitiúil Acla ar fáil i mBéarla amháin a bheag nó a mhór in áit rannóg a bheith ar fáil ar an leathanach gréasáin céanna a bheith ar fáil faoi chúrsaí na Gaeilge in Acaill chun plé a dhéanamh ar chur chun cinn na teanga sa cheantar. Tá an Comhchoiste go mór den tuairim nach leor an Ghaeilge a úsáid i gcomhthéacs theagasc na teanga amháin – ba cheart go mbeidh sí á húsáid i ngach aon ghné de shaol an phobail agus go ndéanfar normalú uirthi dá réir.

Molann an Comhchoiste go mbeidh suíomh gréasáin Chomhlacht Forbartha Áitiúil Acla, an fhuinneog os comhair an domhain, ar fáil trí mheán na Gaeilge nó go hiomlán go dátheangach, agus molann an Comhchoiste go dtabharfaidh an tAire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, an cúnamh maoinithe don Chomhlacht agus d’eagrais eile den chineál céanna atá lonnaithe i gceantair Ghaeltachta lena chinntiú go mbeidh a gcuid suíomhanna gréasáin ar fáil i nGaeilge ar a laghad, go dátheangach nó go hilteangach.



Ó thaobh na láimhe clé: Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha in Údarás na Gaeltachta – Seán Ó Coisdealbha, Máire Aingeal Bean Mhic Lochlainn ó Chomhlacht Forbartha Áitiúil Acla, An Teachta Dála Éamon Ó Cuív, Majella Uí Gallachóbhair ó Chomhlacht Forbartha Áitiúil Acla, Cathaoirleach Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge – An Teachta Dála Aengus Ó Snodaigh, Leas-Cheann Comhairle Dháil Éireann – An Teachta Dála Caitríona Ní Chonghaile, An tOifigeach Gaeilge i gComhairle Contae Mhaigh Eo – Fionnuala Nic Pháidín, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta – Tomás Ó Síocháin, agus An tOifigeach Pleanála Teanga i nGaeltacht Acla – Colm Ó hEachmharcaigh.

## Údarás na Gaeltachta agus an gteic i nGob an Choire (gteic@Acaill)

Is saoráid iontach agus gné bhunúsach agus lárnach de bhonneagar agus de gheilleagar Ghaeltacht Acla é an mol digiteach an gteic i nGob an Choire. Cuireann sé áis iontach agus modh oibre ar fáil don phobal áitiúil, agus d'fhiontraithe agus d'oibrithe áitiúla. Éascaíonn sé dóibh agus tugann sé an rogha dóibh fanacht agus cur fúthu ina gceantar dúchasach féin, post a fháil ann nó a chruthú dóibh féin in áit bogadh i bhfad ón mbaile sa tóir ar phoist agus deiseanna oibre eile. Cuireann sé deis ar fáil do dhaoine, nár fhág an ceantar riamh agus b'fhéidir a bhíodh ag streachailt le blianta fada gnó a dhéanamh i gceantair thuaithe – in ait a raibh teorainn nó srian leis na háiseanna a bhíonn ag teastáil go hiondúil: modh oibre, cúrsaí leathanbhanta agus nithe eile nach iad. Cuirtear an deis chéanna ar fáil do mhuintir an cheantair – idir óg agus aosta – filleadh ar an bhfód dúchais, iad siúd a chaith tamall de bhlianta lasmuigh den cheantar ach go háirithe i mbun staidéir nó oibre ar siúl ó Ghaeltacht Acla.



An gteic i nGob an Choire

Chomh maith leis sin, cuireann sé deiseanna ar fáil do dhaoine ó lasmuigh den cheantar teacht chuige agus cur fúthu ann – daoine nach mbeadh bhfuil nasc ar bith acu leis an gceantar álainn riamh roimhe seo. Tugann sé deis don phobal fás agus forbairt a dhéanamh air féin, dá réir, chomh maith leis an deis neartú a dhéanamh air féin agus tacú le todhchaí an cheantair.

Tá roghanna éagsúla ar fáil do chustaiméirí, ag brath ar riachtanais agus samhail ghnó na gcustaiméirí sin. Is féidir leo oifig faoi throscán nó deasc shealaíochta a fháil ar cíos atá an-iomaíoch. Maidir leis an deasc shealaíochta, cuirtear cathaoir oifige, taisceadán príobháideach agus dhá nasc aibhléise ar fáil. Ní fiú na háiseanna seo a bheith ar fáil gan rochtain éasca a bheith iontu ar chóras leathanbhanda ardluas atá cumhachtach, iontaofa agus seasta. Is é sin an buntáiste is mó a bhaineann leis an gteic i nGob an Choire agus leis na gteiceanna ar fud na Gaeltachta: éascaíonn siad cúrsaí do chustaiméir gnó; déantar teagmháil agus idirghabháil timpeall na tíre agus ar fud an domhain ó Ghaeltacht Acla. Chun é sin a éascú, tá rochtain ar fáil do gach custaiméir ar sheomra comhdhála agus ar áiseanna físchomhdhála, agus cuirtear seomraí cruinnithe éagsúla agus bothanna ar fáil do ghlaonna príobháideacha.

Sa gteic i nGob an Choire, is féidir leis na custaiméirí díriú isteach ar a gcroí-ghnó a bhuí leis na seirbhísí tacaíochta a chuirtear ar fáil dóibh: solas agus teas, saoráidí cistine agus sosa, slite páirceála, glanadh laethúil agus slándáil 24 uaire ar theilifís ciorcad iata ina measc.

## Cruinniú le Pobal Gaeltachta Acla

Ag cruinniú poiblí le pobal Ghaeltacht Acla, phléigh an Comhchoiste na dúshláin éagsúla atá os comhair phobal Gaeltachta Acla:

1. Cosúil le go leor ceantair Ghaeltachta eile, tá deacrachtaí nach bhfuil gá leo: daoine óga ón gceantar ag iarraidh tithe a thógáil i nGaeltacht Acla, agus iad ag iarraidh cur fúthu agus clann a thógáil ina gceantar dúchais. Tuigeann an Comhchoiste an míshásamh a bhaineann leis na deacrachtaí atá ann, agus níl sé sásta ar chor ar bith go bhfuil an córas reatha oiriúnach don fheidhm atá leis. Dúradh leis an gComhchoiste go bhfuil an iomarca maorlathais i gceist agus go n-aithnítear go ndiúltaítear cead pleanála do dhaoine a bhfuil a theaghlaigh lonnaithe i gceantair thuaithe áirithe leis na glúnta. Aithníonn an Comhchoiste an ceart sibhialta atá ag daoine áit chónaithe a bheith acu agus an áit chónaithe sin a bheith ar fáil dóibh ina gceantar dúchais féin, más é sin an áit ar mhaith leo cur fúthu. Tá an Comhchoiste ag fanacht ar threoirlínte pleanála Gaeltachta ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Molann agus éilíonn an Comhchoiste gur treoirlínte cuimsitheacha a bheidh sna treoirlínte nua i leith sholáthar tithíochta sa Ghaeltacht, go réiteoidh siad na bunfhadhbanna atá ann faoi láthair a chuireann srian ar dhaoine áitiúla tithe a thógáil ina gceantar dúchais féin, go n-aithneofar iontu gur féidir le duine ar bith, de réir na rialacha eile a bhaineann leis an gcóras, cead a fháil chun teach a thógáil in áit nó i bhfocheantar ar bith dá gceantar Gaeltachta dúchais féin.

2. Ceann de na fadhbanna is mó agus is bunúsaí atá ag cur isteach ar chomhtháthú agus inmharthanacht Ghaeltacht Acla ná go bhfuil Pobal Acla scoilte ina dhá chuid: Oileán Acla agus paróiste Acla. Tá cuid amháin den oileán agus den pharóiste laistigh den Ghaeltacht agus an chuid eile de lasmuigh di. Ní hé pobal na Gaeltachta féin a rinne an deighilt sin ach ba é córas riaracháin lárnach ba chúis leis – níl ciall dá laghad ag baint leis. Bhí agus tá cainteoirí Gaeilge dúchasacha lonnaithe ar gach taobh den líne shaorga a cuireadh i bhfeidhm siar sa bhliain 1956, ach ní féidir le roinnt mhaith daoine, atá ag cur fúthu ar an taobh mícheart den líne sin, buntáiste a bhaint as na buntáistí a bhaineann le ceantair Ghaeltachta

ná dlúthpháirtíocht a bheith acu lena gcomharsana ar an taobh eile den líne, agus iad ag iarraidh an Ghaeilge agus an paróiste a fhorbairt agus a chur chun cinn.

Cuireann an deighilt seo isteach ar chóras bunoideachais an pharóiste toisc nach féidir le scoileanna, atá lonnaithe ar an taobh mícheart den líne, aitheantas a bhaint amach mar scoil Ghaeltachta, cé gur féidir leis na scoileanna béal dorais dóibh an t-aitheantas céanna a fháil. Mar sin, cé go bhfuil cainteoirí dúchasacha lonnaithe sa cheantar seo, ní féidir leis na bunscoileanna, atá lonnaithe ar an taobh mícheart den líne, an tacaíocht chéanna a fháil ón Roinn Oideachais is a fhaigheann na scoileanna atá ar an taobh ceart den líne. Ní féidir leo an tacaíocht chéanna a fháil agus iad ag iarraidh clár agus cur chuige tumtha a chur i bhfeidhm i nGaeilge.

Ní fhaigheann siad an tacaíocht chéanna agus iad ag iarraidh freastal ar riachtanais na gcainteoirí dúchais Gaeilge ina gceantar féin. Ní fhaigheann siad na hacmhainní Gaeilge céanna i leith teagasc na réimsí curaclaim trí Ghaeilge sna ranganna uile. Ní fhaigheann siad an tacaíocht chun cúnamh a thabhairt dá bpobal scoile mar chuid den phróiseas pleanála teanga (faoi Acht na Gaeltachta, 2012).

Ní féidir leis an Oifigeach Pleanáil Teanga i nGaeltacht Acla aon chúnamh nó comhairle a thabhairt d’aon chainteoir Gaeilge dúchasach ar an taobh mícheart den líne agus ní féidir leis iad a chur san áireamh agus é ag cur an Ghaeilge chun cinn i bParóiste agus ar Oileán Acla.

Comhaontaíonn an Comhchoiste nach bhfuil sa deighilt seo ach seafóid agus nach bhfuil gá an t-idirdhealú a dhéanamh idir pobal amháin agus an ceantair stairiúil ina bhfuil an pobal sin lonnaithe leis na gcéadta bliain. Molann an Comhchoiste go mbeidh Oileán Acla ina iomláine mar chuid de Ghaeltacht Acla agus go mbeidh gach cúnamh, buntáiste agus tacaíocht bhreise ar fáil don phobal atá ina chónaí ann, a bhaineann leo a bheith mar chuid den Ghaeltacht.

3. Is cúis imní é i go leor ceantair tuaithe, cé acu an bhfanfaidh nó nach bhfanfaidh an chéad ghlúin eile den phobal áitiúil sa cheantar, agus an leanfaidh an pobal ar aghaidh mar phobal beo agus gníomhach. Tá poist ar ardchaighdeán á gcur ar fáil ag Comhlacht Forbartha Acla agus ag Údarás na Gaeltachta i bparóiste Acla chuige sin: poist ar féidir leo tionchar dearfach a imirt acu ar líon na ndaoine a bheidh ag cur fúthu agus ag maireachtáil sa pharóiste. Molann an Comhchoiste

Comhlacht Forbartha Acla agus Údarás na Gaeltachta as an obair fhiúntach atá ar bun acu i bparóiste Acla, agus poist á gcruthú acu ar féidir leo tionchar dearfach a bheith acu ar líon na ndaoine atá ag cur fúthu agus ag maireachtáil sa cheantar Gaeltachta seo, agus molann an Comhchoiste don Rialtas gach cúnamh agus tacaíocht a thabhairt dóibh ina leith.

Ní féidir poist inmharthana agus mealltacha a choinneáil i gceantar tuaithe ar bith mura mbeidh bonneagar iomlán ann chun tacú leis na comhlachtaí atá i mbun oibre sa cheantar. Molann an Comhchoiste go ndéanfaidh an Rialtas agus Comhairle Contae Mhaigh Eo iniúchadh ar an mbonneagar, ar na bóithre, na droichid, na céanna, srl. sa cheantar, agus beart cuimsitheach a chur i bhfeidhm chun iad sin a fheabhsú.

In ainneoin gurb iontach an áis í an gteic i nGob an Choire, bhí Comhlacht Forbartha Áitiúil Acla den tuairim go bhfuil tuilleadh oifigí agus deascanna ag teastáil lena chinntiú go mbeidh níos mó daoine in ann buntáiste a bhaint as na seirbhísí iontacha a chuireann sé ar fáil. Molann an Comhchoiste go ndeánfaidh Údarás na Gaeltachta imscrúdú ar na féidearthachtaí atá ann níos mó oifigí agus deasca oibre a chur ar fáil sa gteic i nGob an Choire ionas gur féidir le níos mó daoine buntáiste a bhaint as na seirbhísí iontacha atá ar fáil ann.

4. Cuireadh in iúl don Chomhchoiste go bhfuil deacrachtaí ag baint leis na tithe altranais i nGaeltacht Acla. Tá teach altranais amháin, Naomh Fionnán, a fheidhmíonn faoi Fheidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte agus tá an teach altranais eile, Naomh Colmán, a fheidhmíonn faoi úinéireacht phríobháideach. Bíonn deontais éagsúil óna chéile ar fáil do na tithe altranais sin, rud a chiallaíonn nach bhfuil cothrom na Féinne ann. Fiafraíodh den Chomhchoiste aird an Aire Sláinte agus Fheidhmeanacht na Seirbhíse Sláinte a dhíriú ar an bhfadhb agus an míchothromaíocht seo.

   Molann an Comhchoiste go gcinnteoidh an Aire Sláinte agus Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte go mbeidh dóthain maoinithe agus tacaíochta ar fáil do theach altranais Naomh Breandán i nGaeltacht Acla, ar carthanas cláraithe

neamhbhrabúis é, chun a chinntiú go mbeidh an teach altranais sin in ann leanúint ar aghaidh ag cur a chuid seirbhísí ar fáil don phobal áitiúil.

Le linn don Chomhchoiste a bheith i mbun cainte leis an bpobal áitiúil ar chúrsaí sláinte, cuireadh in iúl dó nach bhfuil héileapad ar bith i nGaeltachta Acla. Aithníonn an Comhchoiste an gá go mbeidh héileapad ann i gceantair iargúlta i dtaobh chúrsaí sláinte, nuair nach bhfuil ospidéil nó seirbhísí sláinte iomlána cóngarach dóibh, agus molann sé don Aire Sláinte agus do Sheirbhís Aerárthach Othair é sin a sholáthar i nGaeltacht Acla, agus é sin a sholáthar chomh cóngarach don dá theach altranais agus is féidir.

5. Cuireadh in iúl don Chomhchoiste nach bhfuil Ionad Cultúrtha ar bith lonnaithe i nGaeltacht Acla. Aithníonn an Comhchoiste go bhfuil gá lena leithéid ach gur togra fadtéarmach a bheidh ann. Aithníonn an Comhchoiste an gá atá ann Ionad Cultúrtha a thógáil i nGaeltacht Acla, agus molann sé don Rialtas féachaint ar an tslí is fearr agus is tapúla chun an riachtanas seo a chomhlíonadh ann.

# AGUISÍN 1 – Comhaltas an Comhchoiste

## Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge



Caitríona Ní ChonghaileTD
*Neamhspleách*



Dónall Ó hÉallaigh TD
*Neamhspleách*



Seosamh Mac Aodha TD
*Fine Gael*



Marc Ó Cathasaigh TD
*An Comhaontas Glas*



Fergus Ó DubhdaTD
*Fine Gael*



Ruairí Ó Murchú TD
*Sinn Féin*



Aindrias Ó Muimhneacháin TD
*Fianna Fáil*



Aengus Ó Snodaigh TD (Cathaoirleach)
*Sinn Féin*



Pádraig Ó SúileabháinTD
*Fianna Fáil*



An Seanadóir Lorraine Clifford-Lee (Leas-Chathaoirleach)
*Fianna Fáil*



An Seanadóir Seán Kyne
*Fine Gael*



An Seanadóir Rónán Mullen
*Neamhspleách*



An Seanadóir Barry Ward
*Fine Gael*

# AGUISÍN 2 – Téarmaí Tagartha an Chomhchoiste

## Buan-Ordú 123 de Dháil Éireann

**123. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge.**

(1) Beidh arna bhunú, i ndiaidh artionól na Dála tar éis Olltoghcháin, Buan-Choiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid an tSeanaid chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh, seachas na feidhmeanna a leagtar amach i mír (3) arb é Buan-Choiste na Dála a chomhlíonfaidh iad.

(2) Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—

(a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhchaí, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,

(b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,

(c) méadú ar úsáid na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireachtais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,

(d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,

(e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,

(f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,

(g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,

(h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,

(i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus

(j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.

(3) Breithneoidh Buan-Choiste na Dála—

(a) cibé Billí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge,

(b) cibé gnéithe de na Meastacháin i gcomhair Seirbhísí Poiblí a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht, agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus

(c) cibé nithe gaolmhara eile, a tharchuirfidh an Dáil chuige, agus

(d) cibé Athbhreithnithe ar Luach ar Airgead agus ar Bheartas agus ráitis bhliantúla aschuir, lena n-áirítear feidhmíocht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht in úsáid airgid phoiblí maidir leis an nGaeilge, maidir leis an nGaeltacht agus maidir le Pobal Labhartha na Gaeilge, a roghnóidh an Coiste.

(4) Seachtar Comhaltaí de Dháil Éireann a bheidh ar Bhuan-Choiste na Dála, ar córam triúr díobh. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar Comhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar Comhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Bhuan-Choiste na Dála ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.

(5) Beidh ag Buan-Choiste na Dála na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96(1), (2) agus (4).

(6) Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 96, seachas míreanna (3) agus (10) den Bhuan-Ordú sin.

(7) Beidh de chumhacht ag an gComhchoiste faoi Bhuan-Ordú 95 breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—

(a) scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge, agus

(b) aon tuarascáil iar-achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtais, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.

(8) Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 98, 100 agus 106 maidir le Buan-Choiste na Dála agus maidir leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.

(9) Míneofar an Comhchoiste mar an “Comhchoiste Oireachtais” chun críocha an Achta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

## Buan-Ordú 105 de Sheanad Éireann

### 105. Coiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge

1. Beidh arna bhunú, i ndiaidh ationól an tSeanaid tar éis Olltoghcháin, Buanchoiste, a chomhcheanglófar le Coiste dá shamhail de chuid na Dála chun Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus Phobal Labhartha na Gaeilge a chomhdhéanamh, chun na feidhmeanna a leagtar amach sa Bhuan-Ordú seo a chomhlíonadh.

2. Breithneoidh an Comhchoiste ábhair bheartais a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge agus atá go ginearálta faoi chúram Ranna Rialtais agus comhlachtaí poiblí gaolmhara agus breithneoidh sé, go háirithe—

   (a) straitéis i ndáil leis an nGaeilge, lena n-áirítear an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge, 2010-2030 agus aon straitéis a bheidh ann sa todhchaí, agus cur chun cinn na Gaeilge i gcoitinne,

   (b) litríocht, ceol agus cultúr na Gaeilge agus nithe gaolmhara,

   (c) úsáid is leithne na Gaeilge in imeachtaí dhá Theach an Oireachtais agus ina gCoistí agus timpeall an dá Theach a chur chun cinn,

   (d) an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí, lena n-áirítear dul chun cinn maidir le cur i ngníomh Scéimeanna Gaeilge i gcomhlachtaí poiblí,

   (e) tuarascálacha ón gCoimisinéir Teanga agus nithe gaolmhara,

   (f) nithe a bhaineann leis an bhForas Teanga, i ndáil le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise araon,

   (g) teagasc na Gaeilge agus oideachas trí mheán na Gaeilge,

   (h) freagrachtaí reachtúla Raidió Teilifís Éireann agus Údarás Craolacháin na hÉireann i ndáil leis an nGaeilge,

   (i) nithe a bhaineann le craoltóirí Gaeilge, lena n-áirítear TG4, Raidió na Gaeltachta, Raidió na Life agus Raidió Rí-Rá, agus

   (j) aon nithe eile a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge.

3. 5 Chomhalta de Sheanad Éireann a bheidh ar Bhuanchoiste an tSeanaid. Ceathrar is córam don Chomhchoiste, ar Comhalta de Dháil Éireann duine amháin acu ar a laghad agus ar Comhalta de Sheanad Éireann duine amháin acu ar a laghad. Beidh Cathaoirleach Bhuanchoiste na Dála ina Chathaoirleach nó ina Cathaoirleach ar an gComhchoiste freisin.

4. Beidh ag Buanchoiste an tSeanaid na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 72(1) agus (2).

5. Beidh ag an gComhchoiste, maidir lena chúram, na cumhachtaí a mhínítear i mBuan-Ordú 72, seachas mír (6).

6. Féadfaidh an Comhchoiste breithniú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas—
    a. scéim ghinearálta nó dréacht-cheannteidil aon Bhille a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge de bhun Bhuan-Ordú 143;
    b. aon tuarascáil iar-Achtacháin a leagfaidh comhalta den Rialtas nó Aire Stáit faoi bhráid ceachtar Teach nó an dá Theach maidir le haon Bhille, arna achtú ag Tithe an Oireachtais de bhun Bhuan-Ordú 168, a bhaineann leis an nGaeilge, leis an nGaeltacht agus le Pobal Labhartha na Gaeilge; agus
    c. ar choinníoll go mbeidh an coiste earnála iomchuí tar éis toiliú leis sin.
7. Beidh feidhm ag forálacha Bhuan-Orduithe 74, 77 agus 82 maidir le Buanchoiste an tSeanaid agus leis an gComhchoiste, de réir mar is cuí.
8. Míneofar an Comhchoiste mar an ‘Comhchoiste Oireachtais’ chun críocha an Achta Craolacháin, 2009, a mhéid a bhaineann sé le TG4.

**Tithe an Oireachtais**
Teach Laighean
Sráid Chill Dara
Baile Átha Cliath 2
D02 XR20

*www.oireachtas.ie*
Guthán: +353 (0)1 6183000
X: @OireachtasNews

**Déan ceangal linn**

**Íoslódáil an Aip**

Download on the App Store

GET IT ON Google Play